



Coimisiún
na Meán

Airteagal 22 Comharthóirí Iontaofa Foirm Iarratais agus Treoir

Dáta foilsithe:
19 Feabhra 2024



Clár Ábhar

Réamhrá	3
Treoir maidir leis an mBronnadh	3
Treoracha Iarratais	5
Foirm Iarratais agus Treoir	7
Cuid (1) Faisnéis Ghinearálta: Eintiteas an Iarrthóra	7
Cuid (2) Saineolas agus Inniúlacht: Ábhar mídhleathach a Aimsiú, a Shainnithint agus a Chur in Iúl	9
Cuid (3) Neamhspleáchas	12
Cuid (4) Comharthóirí Iontaofa: Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta	15
Cuid (5) Dearbhú	17
Aguisín 1 - Fianaise Dhoiciméadach	19
Aguisín 2 - Cé atá incháilithe le bheith ina chomharthóir iontaofa?	21
Aguisín 3 – Liosta Réimsí d'Ábhar Mídhleathach	22



Réamhrá

Leagtar amach in Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“**DSA**”) go ndéanfaidh soláthraithe ardán ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go dtugtar tosaíocht le fógraí arna gcur isteach ag Comharthóirí Iontaofa (“**TFanna**”), ag gníomhú dóibh laistigh dá réimse ainmnithe saineolais, tríd na sásanna fógra agusgníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16 den DSA, a phróiseáil agus go ndéanfar cinneadh ina leith gan moill mhíchúí.

Bronnfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (“**DSC**”) an Bhallstáit ina bhfuil an t-iarrthóir bunaithe, stádas mar “chomharthóir iontaofa”, ar iarratas ó aon eintiteas, ar iarrthóir a léirigh go gcomhlíonann sé gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a leagtar amach in Airteagal 22(2) den DSA:

- (a) Tá **saineolas agus inniúlacht** shonrach aige chun críocha inneachar neamhdhleathach a aimsiú, a shainaithint agus a chur in iúl;
- (b) Tá sé **neamhspleách** ar aon soláthraí ardán ar líne;
- (c) Tugann sé faoina gníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach **go dícheallach, go beacht agus go hoibiachtúil**.

Treoir maidir leis an mBronnadh

D’fhorbair Coimisiún na Meán an Treoir seo, lena n-áirítear foirm iarratais/ceistneoir, chun eintitis ar spéis leo a chur ar an eolas faoina phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta ina gcinntear má chomhlíonann eintiteas ar leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22. Leis an Treoir, tacaítear le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach Choimisiún na Meán i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla.

Tá sé d’aidhm ag an Treoir cabhrú le heintitis iarrthóra (dá ngairfear “**tú**”/ “**do**” anseo feasta) tuiscint a fháil ar a bhfuil ag teastáil ó d’eintiteas don phróiseas iarratais agus do na hoibleagáidí leanúnacha a gcaithfidh tú leanúint dá gcomhlíonadh araon tar éis stádas mar chomharthóir iontaofa a bhronnadh faoi Airteagal 22.

Tá an Treoir bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, ar chomhairliúchán, ar bhailiú sonraí agus ar thaighde neamhspleách. Ní ionadaítear aon fhoráil reachtúil (forálacha reachtúla) leis an Treoir agus ní comhairle dlí í. Moltar duit do chomhairle dlí neamhspleách a fháil ar na forálacha reachtúla ábhartha.

Sa Treoir, roinntear na coinníollacha i gceithre chuid sa bhealach seo a leanas: (1) Faisnéis Ghinearálta; (2) Saineolas; (3) Neamhspleáchas; (4) Díograis, Cruinneas agus Neamhchlaontacht. Tá na hábhair sin ábhartha do mheasúnú Choimisiún na Meán ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22. Ar leathanach 6 den fhoirm iarratais/ceistneoir tá liosta **ceisteanna** ann faoi gach cuid nach mór duit a fhreagairt.

I **gCuid (1)** aithnítear an **faisnéis ghinearálta** maidir leis an eintiteas a chuireann isteach ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa a theastaíonn ó DSC chun d’iarratas a phróiseáil agus a bhreithniú.

I **gCuid (2)** a díreann ar cheisteanna maidir le **saineolas** d’eintitis agus conas a chinnteoidh tú go gcoimeádfar agus go bhfeabhsófar anaineolas sin thar thréimhse an bhronnta.

I **gCuid (3)** iarrtar faisnéis maidir leis na socruithe a chuirfidh tú i bhfeidhm chun **neamhspleáchas cinnteoireachta** d’eintitis a chosaint (lena n-áirítear **neamhspleáchas airgeadais**).

I **gCuid (4)** iarrtar faisnéis maidir le **beartais agus nósanna imeachta d’eintitis lena léirítear díograis, cruinneas agus neamhchlaontacht** sa chaoi ar fheidhmigh tú nó a bhfeidhmeoidh tú mar Chomharthóir Iontaofa.



I ngach cuid, cuirtear **treoir** ar fáil freisin chun cabhrú leat a thuiscint cén fáth a bhfuil na ceisteanna sin á gcur againn. San Aguisín a ghabhann leis an Treoir seo, cuirimid faisnéis ar fáil maidir le **ceanglais incháilitheachta** chun iarratas a dhéanamh ar stádas TF agus liosta den **fhianaise dhoiciméadach**, taifid agus doiciméid, a iarrtar ort a chur isteach chun tacú leis an bhfaisnéis agus an léiriú a shonraigh tú i d'iarratas chun iad a fhíorú.

Tá tú freagrach as a thaispeáint go sásaíonn d'eintiteas na coinníollacha agus ní mór duit an fhaisnéis go léir agus an fhianaise dhoiciméadach a shonraítear sa Treoir seo agus/nó a d'fhéadfadh Coimisiún na Meán a iarraidh níos déanaí a chur isteach. Tá sé tábhachtach go gcinntíonn tú go gcuirtear **faisnéis iomlán agus chruinn** ar fáil do na ceisteanna go léir chun aon mhoill ar an bpróiseas iarratais a sheachaint.

Tabharfaidh Coimisiún na Meán aird ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach agus freisin ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó óna bhailiú neamhspleách faisnéise agus taighde a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun an fhaisnéis a chuir tú isteach ag an gcéim iarratais seo a **fhíorú** agus do **mheasúnú leanúnach** na gCoinníollacha Deimhniúcháin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcúinsí ina ndeimhnítear tar éis imscrúdaithe nach gcomhlíonann eintiteas na Coinníollacha Dámhachtana a thuilleadh, go gceanglaítear ar Choimisiún na Meán an dámhachtain a chúlghairm.

Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar an Treoir seo gach 2 bhliain nó níos mó go rialta de réir mar is gá.

Ba cheart iarratais chomhlánaithe nó aon fhiosrúchán nó iarraidh ar shoiléiriú maidir le hábhar na Treorach seo a sheoladh chuig trustedflaggerapplications@cnam.ie.



Treoracha Iarratais

Ní mór don iarratas a chuireann tú isteach na ceanglais a leagtar amach thíos a chomhlíonadh:

- **Iarratas comhlánaithe:** Cinntigh go dtugann tú faisnéis **iomlán agus chruinn** do na ceisteanna go léir a chuirtear agus cuir isteach aon **fhianaise dhoiciméadach** dá dtagraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo.
- **Faisnéis Bhreise:** D'fhéadfadh faisnéis bhreise agus/nó fianaise dhoiciméadach eile a bheith ag teastáil ó Choimisiún na Meán freisin tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar d'iarratas chun a mheas an gcomhlíonann tú na ceanglais chun stádas mar Chomharthóir Iontaofa a fháil. Chomh maith leis an bhfianaise dhoiciméadach a shonraítear is féidir leat aon fhaisnéis eile a chur isteach lena dtugtar comhthéacs don fhaisnéis atá á tabhairt nó a thacaíonn leis na freagraí a thugtar.
- **Dearbhú:** Ba cheart go n-áireofaí le d'iarratas Dearbhú sínithe ag duine údaraithe oiriúnach nó a chomhionann, chun deimhniú go bhfuil an fhaisnéis atá san fhoirm iarratais agus san fhianaise dhoiciméadach fíor agus cruinn chomh fada agus is eol don duine sin.
- **Athruithe:** Ní mór duit **aon athrú ar d'iarratas** tosaigh agus/nó aon fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil tar éis an t-iarratas tosaigh a chur isteach de réir mar a iarrann Coimisiún na Meán chun tacú lena mheasúnú ar do chomhlíontacht leis na ceanglais chun stádas mar Chomharthóir Iontaofa a bhaint amach.
- **Cinneadh:** Déanfaidh Coimisiún na Meán a dhícheall, laistigh de thrí nó ceithre mhí tar éis dó an fhaisnéis go léir a fháil a chuireann ar a chumas an t-iarratas a phróiseáil, ceadú nó diúltú an stádais mar Chomharthóir Iontaofa a chur in iúl i scríbhinn. Tá an méid ama a shonraítear bunaithe ar iarratas iomlán a bheith ag Coimisiún na Meán agus an fhaisnéis riachtanach agus an fhianaise tacaíochta ar fad chun a chinneadh a dhéanamh ar dheimhniúchán. Tabharfaidh Coimisiún na Meán ráiteas cúiseanna duit maidir le cén fáth ar faomhadh nó ar diúltaíodh d'iarratas ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa.
- **Foilsíú:** Foilseofar cinneadh agus dámhachtain Choimisiún na Meán ar a shuíomh gréasáin. Ceanglaítear ar Choimisiún na Meán an Coimisiún Eorpach a fhógairt maidir leis na comhlachtaí ar a bronnadh stádas mar Chomharthóir Iontaofa orthu i gcomhréir le hAirteagal 22. Foilseoidh an Coimisiún Eorpach liosta de na Comharthóirí Iontaofa ar a shuíomh gréasáin freisin.
- **Faisnéis Faoi Rún agus Íogair ó thaobh na Tráchtála de:** Ní mór aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de a chur isteach in Aguisín Rúnda agus crostagairt shoiléir a dhéanamh do na codanna ábhartha den Treoir seo. Ba cheart na fáthanna a measann tú go bhfuil an fhaisnéis faoi rún a leagan amach go soiléir.
- **Saoráil Faisnéise:** Féadfaidh daoine taifid atá i seilbh Choimisiún na Meán a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht FOI"). Le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, díolmhaítear taifid áirithe ina bhfuil faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de agus faisnéis rúnda eile ó fhoilsíú. Rachaidh Coimisiún na Meán i gcomhairle leat maidir le haon iarraidh a fhaightear sula ndéanfaidh sé cinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- **Sonraí Pearsanta:** Tá Coimisiún na Meán d'oibleagáid agus tiomanta na sonraí pearsanta go léir a chuirtear isteach a chosaint de réir a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais agus sonraí eile is infheidhme. Tá beartas foilsithe de chuid Choimisiún na Meán ar fáil ag: [Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí \(cnam.ie\)](#) San fhógra seo, tá ainm agus sonraí teagmhála na ndaoine sonraithe, lena n-áirítear a



seoltaí ríomhphoist, iarrtha ag Coimisiún na Meán. Is chun críche é sin atá sonraithe amháin a úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar.



Foirm Iarratais agus Treoir

Cuid (1) Faisnéis Ghinearálta: Eintiteas an Iarrthóra

Trádainm an Eintitis	Ainm an Eintitis, Uimhir na Cuideachta agus Uimhir Chláraithe
Cineál Eintitis – cuir tic leis	Seoladh cláraithe agus príomháit ghnó (má tá sé éagsúil)
Comhlacht poiblí (neamh-rialaithe) Eintiteas príobháideach ENR Líonra/Comhghuaillíocht Ceardchumann	
Céard é misean/cuspóir d'eagraíochta? Déan cur síos ar na gníomhaíochtaí nó (má bhaineann) seirbhísí a sholáthraíonn d'eintiteas agus cé dó a gcuirtear ar fáil iad.	
Tabhair na fáthanna ar mian leat iarratas a dhéanamh ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa?	
Tabhair breac-chuntas ar struchtúr d'eintiteas/eagraíochta agus tabhair sonraí faoi líon agus ról na foirne agus/nó oibrithe deonacha a oibríonn leat. Ba cheart an struchtúr i bhformáid léaráide a chur isteach le d'iarratas freisin.	
An dtugann d'eagraíocht faoi ghníomhaíochtaí faoi láthair nó an bhfuil gníomhaíochtaí ar bun aici cheana a bhaineann le hábhar mídhleathach a aimsiú, a shainaithint agus a fhógairt d'ardáin ar líne? Má thugann, luaigh an dáta tosaithe agus an dáta deiridh (mura bhfuil sé reatha).	Freagair TÁ nó NÍL anseo. (Iarrfar níos mó faisnéise i gcuid 2.)



Duine teagmhála a bheidh i dteagmháil le Coimisiún na Meán maidir leis an iarratas seo.	
Ainm	
Post	
Ríomhphost	
Fón	
Seoladh (má tá sé éagsúil)	

Sonraí maidir le Bronnadh an Stádais

Deimhnigh gur mhaith leat iarratas a dhéanamh ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa ar feadh tréimhse 3 bliana.	Ba mhaith
	Níor mhaith – sonraigh le do thoil
Liostaigh na réimsí sonracha d'ábhar mídhleathach (ón liosta in Aguisín 3) a bhfuil d'eintiteas ag cur isteach ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa ina leith.	
Liostaigh (a) cineálacha na n-ardán ar líne, (b) réimsí d'ábhar mídhleathach agus (c) na teangacha a ndéanfaidh tú faireachán orthu chun críche ábhar mídhleathach a aimsiú, a shainaithint agus a chur in iúl?	

<p>Treoir</p> <p><i>Leis an bhfaisnéis a iarrtar sa chuid seo cuidítear linn d'iarratas a phróiseáil ar bhealach tapa agus éifeachtach. Ní fhorchuirtear leis an DSA uastréimhse chun stádas mar Chomharthóir Iontaofa a bhronnadh. Bronnfaidh Coimisiún na Meán stádas mar Chomharthóir Iontaofa ar feadh tréimhse 3 bliana. Ní mór duit leanúint de na coinníollacha deimhniúcháin agus na hoibleagáidí eile faoi Airteagal 22 a chomhlíonadh ar feadh na tréimhse ar fad.</i></p> <p>Tabhair faoi deara: Iarrtar sonraí breise maidir do réimsí saineolais i gcuid 2.</p> <p>Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.</p>
--



Cuid (2) Saineolas agus Inniúlacht: Ábhar mídhleathach a Aimsiú, a Shainaitint agus a Chur in Iúl

Taithí roimhe seo ar ábhar mídhleathach ar líne a aimsiú, a shainaitint agus a chur in iúl *I gcás nach raibh taithí dhíreach ag eintiteas sa réimse sin roimhe, luaigh taithí ábhartha eile.

2.1	Liostaigh na réimsí sonracha d'ábhar mídhleathach (ón liosta in Aguisín 3) ina bhfuil saineolas comharthaíochta ag d'eintiteas.	
2.2	Liostaigh aon saineolas ábhartha eile atá ag d'eintiteas a mheasann tú atá ábhartha don iarratas seo (e.g., teicneolaíochtaí digiteacha, taithí dlí, réigiúnach etc.)	
2.3	Cén taithí ábhartha , más ann di, a rinne d'eintiteas roimhe seo maidir le hábhar mídhleathach ar líne a aimsiú, a shainaitint agus a chur in iúl faoi gach ceann de na réimsí a sainaitníodh?	
2.4	Nuair is infheidhme, tabhair sonraí maidir le réimsí d'ábhar mhídhleathach agus na cineálacha ardán ar líne a ndearna tú faireachán orthu agus/nó a bhfuil TF nó stádas comhionann agat leo.	
2.5	Tabhair cur síos gairid ar na modhanna agus ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun ábhar mídhleathach a aimsiú, a shainaitint agus a chur in iúl.	



Taithí: Pearsanra ag aimsiú ábhar mídhleathach ar líne agus á chur in iúl

2.6	Deimhnigh go rachaidh d'eintiteas i ngleic le próiseas bordála na n-ardán ar líne agus leis na cláir oiliúna a thairgtear do chomharthóirí iontaofa.
2.7	Tabhair cur síos gairid ar aon oiliúint bhreise a chuirfear ar fáil do dhaoine aonair atá ag gabháil do ghníomhaíocht chomharthaíochta thar ceann d'eintitis, lena n-áirítear teicneolaíocht agus uirlisí measúnaithe a úsáidtear don ghníomhaíocht seo.
2.8	Déan achoimre ar chúlra ginearálta agus cáilíochtaí , más ann dóibh, na mbainisteoirí sinsearacha agus na ról coibhéiseach stiúirthóra atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhís comharthaíochta bheartaithe an eintitis.
2.9	Déan achoimre ar an saineolas ginearálta, na cáilíochtaí , nó na deimhnithe a theastaíonn uait ó fhoireann TF nó oiliúint a chuirfidh tú ar d'fhoireann TF a dhéanamh nuair a cheapfar iad agus le linn a dtéarma oifige.



Treoir

Cuidíonn tuiscint ar **thaithí d'eintitis maidir le seirbhísí Comharthóra lontaofa a sholáthar nó a éascú** linn chun a mheas an bhfuil an t-eolas institiúideach, an saineolas agus an taithí agat chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22 a chomhlíonadh. Ba cheart duit sonraí an tsaineolais ábhartha go léir a thabhairt chun tacú le d'iarratas, mar shampla, saineolas dlíthiúil ar dhlí ábhartha an Aontais, chomh maith le dlí(the) náisiúnta na dtíortha ina bhfuil tú nó a bhfuil sé beartaithe agat a bheith gníomhach iontu.

Mar sin féin, **más rud é gur bunaíodh d'eintiteas le déanaí** nó mura bhfuil taithí roimhe seo aige ar ábhar mídhleathach ar líne a shainaitheint, a aimsiú, agus a chur in iúl ní gá go n-oibreoidh sin i do choinne. Sa chás seo, d'fhéadfaimis níos mó béime a leagan ar chumais agus ar shaineolas d'fhoirme agus daoine aonair atá ag tabhairt faoin gníomhaíocht sin a mheas.

Táthar ag súil go rachaidh Comharthóirí lontaofa i dteagmháil leis an ardán/na hardáin lena chinntiú go gcloítear leis na cleachtais is fearr maidir le gníomhaíocht chomharthaíochta. D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh ardáin ar líne go rachaidh tú i ngleic lena bpróiseas 'ar bordáil' agus d'fhéadfaidís freisin oiliúint a chur ar fáil mar chleachtas is fearr chun cur le do thuiscint ar uirlisí teicniúla agus monatóireacht an ardáin. Cuireann sin le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an phróisis chomharthaíochta agus le baint thapa an ábhair mhídhleathaigh.

Tá liosta neamh-uileghabhálach de réimsí d'ábhar mídhleathach (le príomhcheannteidil agus fo-cheannteidil) in Aguisín 3.

Ba cheart duit a bheith chomh soiléir agus is féidir nuair a thugann tú an fhaisnéis sin toisc go gcinnfidh sin raon feidhme na saincheisteanna lena mbronnfar stádas mar Chomharthóir lontaofa ort má ghlactar le d'iarratas agus raon feidhme aon fhógra a sheolfar chugat ar ardáin ar líne. Ní mór do Chomharthóirí lontaofa gníomhaíocht chomharthaíochta a choinneáil laistigh den réimse saineolais ainmnithe chun ionracas an phróisis bronnta a choinneáil. Sa chás go n-aithníonn Comharthóir lontaofa ábhar neamhdhleathach lasmuigh dá réimse saineolais, d'fhéadfadh sé é a chur isteach ach amháin tríd an nós imeachta caighdeánach um fhógra agus tuairisciú. Sa chás go leathnaíonn d'eintiteas agus gur féidir leis saineolas nua/breise maidir le Comharthóir lontaofa a léiriú, féadfaidh sé cur isteach ar stádas mar Chomharthóir lontaofa a cheadaíonn d'eintiteas an t-ábhar mídhleathach sin a shainaitheint, a aimsiú agus/nó a chur in iúl.

Ba cheart go mbeifeá in ann a léiriú agus a chinntiú go bhfuil sárthuiscint ag d'fhoireann ar an dlí is infheidhme agus an t-eolas, an saineolas agus na scileanna riachtanacha sa chineál ábhair mhídhleathaigh a bhfuil stádas mar Chomharthóir lontaofa á lorg agat. Ba cheart sonraí aon oiliúna a luann tú (ar cheapachán nó ar bhonn leanúnach) a leagan amach agus d'fhéadfadh go n-éileodh Coimisiún na Meán sonraí faoi gníomhaíocht oiliúna dá leithéid le bheith curtha san áireamh i do thuarascáil bhliantúil.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.



Cuid (3) Neamhspleáchas

Neamhspleáchas Eagraíochtúil: Gníomhaíochtaí comharthaíochta

3.1	Más cuideachta faoi theorainn scaireanna thú, cé hiad do scairshealbhóirí ? Más cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nó struchtúr comhaltachta eile tú, sainaithin do chomhaltaí le do thoil. ¹	
3.2	An cuideachta é d'eintiteas i struchtúr grúpa cuideachta níos mó ? Más ea, tabhair sonraí an ghrúpa seo.	
3.3	Céard é caidreamh d'eintitis le, nó a leasanna ² in, aon ghnóthas eile ?	
3.4	Cé hiad stiúrthóirí Bhord d'eintitis agus an suíonn aon stiúrthóir ar an mBord i gcáil ionadaíoch d'aon duine de do scairshealbhóirí?	
3.5	Liostaigh aon bheartas, nós imeachta agus/nó beart atá i bhfeidhm agat a thaispeánann go bhfuil d'eintiteas agus a phearsanra neamhspleách ar sholáthraithe ardán ar líne agus go bhfanfaidh siad amhlaidh ar feadh thréimhse an stádais mar Chomharthóir Iontaofa.	
3.6	I gcás ina gcuireann d'eintiteas seirbhísí eile (Comharthóir Neamh-lontaofa) ar fáil, conas a chinnteoidh tú nach gcuirfidh soláthar na seirbhísí eile sin, agus luach saothair nó cistiú na seirbhísí sin, isteach ar neamhspleáchas nó neamhchlaontacht do Chomharthóirí Iontaofa?	
3.7	Deimhnigh nach mbeidh daoine aonair a bheidh páirteach sa gníomhaíocht chomharthaíochta ina mbaill foirne nó ina mbaill d'fhoireann ardán ar líne (nó de ghnólacht sainchomhairliúcháin a bheidh ag obair d'ardán ar líne).	Freagair TÁ nó NÍL anseo.
3.8	Cuir sonraí ar fáil maidir le haon chaidreamh nó bealach reatha le hardáin ar líne chun críche ábhar mídhleathach a aimsiú, a shainaithint agus a chur in iúl.	

¹ Féadfaidh comhaltaí a bheith mar bhunaitheoirí eintitis nó daoine a bhfuil leas airgeadaíochta nó leas eile acu san eintiteas.

Braithfidh an sainmhíniú ar chomhaltaí ar an gcineál eintitis dhlíthiúil atá bunaithe agat agus ar na doiciméid bhunaidh atá aige.

² Féadfaidh leasanna a bheith díreach nó indíreach agus is féidir go n-áirítear leo stiúrthóireachtaí agus/nó agus scairsheilbh (lena n-áirítear tairbhíúil) in eintiteas eile.



3.9	Deimhnigh go bhfuil nósanna imeachta agus rialacha soiléire agat maidir le coinbhleachtaí leasa a bhainistiú do chomhaltaí d'eintitis agus d'fhoireann nó do dhaoine aonair atá i mbun gníomhaíochta comharthaíochta.	Freagair TÁ nó NÍL anseo.
3.10	Conas a cheapfaidh tú comharthóirí e.g, mionsonraigh aon seiceáil cúlra/fíorúcháin a dhéanfaidh tú agus cineál an chaidrimh dhlíthiúil a bheidh agat leo?	
3.11	Cén chaoi a gcinnteoidh tú: (a) Tá comharthóirí neamhspleách ar ardáin ar líne agus fanfaidh siad amhlaidh ar feadh a dtéarma oifige. (b) Déanann comharthóirí a gcuid gníomhaíochtaí ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil.	
3.12	Deimhnigh an bhfuil Cód Eitice / Prionsabail nó a chomhionann agat maidir le comharthóirí a oibríonn le d'eintiteas.	
3.13	Tabhair breac-chuntas ar shamhail mhaoinithe d'eintitis. Ba chóir sonraí na bhfoinsí a leanas (nuair is infheidhme) a thabhairt: <ul style="list-style-type: none"> • Táillí ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil. • Maoiniú ó earnálacha tionsclaíocha. • Maoiniú poiblí (ó Stát na hÉireann, AE, nó eile). • Ioncam ó dheontais neamh-phoiblí. • Scairchaipiteal agus infheisteoirí (nuair is infheidhme). • Foinsí eile. 	
3.14	Má chuimsítear meascán díobh sin thuas leis an tsamhail mhaoinithe, sonraigh go garbh na céatadáin agus cion gach foinse maoinithe agus sainaithe gach foinse.	
3.15	Tabhair sonraí maidir le haon chonradh/comhaontú a bhí ann cheana le haon ardán nó le foinsí	



	seachtracha maoinithe eile (ar bhonn rúnda má tá clásal neamhnochna aige).	
3.16	I gcás aon mhaoiniú a fhaightear ó ardáin ar líne, ní mór duit a dheimhniú nach mbraitheann an maoiniú ar cheart maoirseachta a bheith ag na hardáin ar líne ábhartha ar do ghníomhaíocht chomharthaíochta, rud a chuirfeadh teorainn agus/nó a chuirfeadh isteach ar/a d'athródh raon feidhme na gníomhaíochta sin.	Freagair TÁ nó NÍL anseo.

Treoir

Ceanglaítear le hAirteagal 22 go mbeadh aon eintiteas a dhéanann iarratas ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa **neamhspleách** ar ardáin ar líne.

Iarraimid faisnéis maidir le comhaltaí (de réir mar is infheidhme) de d'eintiteas toisc go bhfuil sé tábhachtach do Choimisiún na Meán a thuiscint cé leis do d'eintiteas agus cé chomh mór agus atá an smacht nó an tionchar atá acu ar chinnteoireacht agus ar oibríochtaí d'eintitis.

Iarraimid freisin faisnéis faoi do Bhord Stiúrthóirí (nó a chomhionann) toisc go bhfuil sé tábhachtach do Choimisiún na Meán a thuiscint cé a dhéanann cinntí straitéiseacha d'eintitis agus an féidir cinntí den sórt sin a dhéanamh thar ceann duine eile (mar shampla scairshealbhóir i d'eintiteas).

Tá sé tábhachtach go dtuigeann Coimisiún na Meán do chaidreamh **foirmiúil agus neamhfoirmiúil**, más ann dó, le daoine eile (idir dhaoine aonair agus eintitis) le measúnú a dhéanamh ar cé acu na socrúithe agus na rialuithe a chuir tú i bhfeidhm chun neamhspleáchas d'eintitis a chinntiú agus is iomchuí neamhchlaontacht do gníomhaíochtaí comharthaíochta iontaofa. Mar an gcéanna, más eintiteas poiblí tú, tá sé tábhachtach go dtuigimid do chuspóirí dlíthiúla agus go gcinntimid nach bhfuil oibleagáidí ort a d'fhéadfadh tionchar a bheith agat ar do neamhspleáchas nó ar do neamhchlaontacht ó ardáin nó ó fhaighteoirí a gcuid seirbhísí.

Ba cheart go mbeadh bearta agus beartais nithiúla i bhfeidhm agat, ag teacht leis an gcleachtas is fearr, chun a chinntiú go gcomhlíonann d'eintiteas agus aon duine a oibríonn dó na **ceanglais neamhspleáchais** go cuí agus go leanfaidh siad ag déanamh amhlaidh ar feadh na tréimhse deimhniúcháin.

Beidh aird ag Coimisiún na Meán freisin ar mhaoiniú an eintitis agus **neamhspleáchas d'eintitis á mheasúnú**. Tá sé tábhachtach go dtuigimid conas a mhaoinítear d'eintiteas agus aon socrú agus rialú leanúnach atá i bhfeidhm agat maidir le maoiniú chun do neamhspleáchas a chinntiú.

Féadfaidh eintiteas maoiniú poiblí a fháil nó brath ar fhoinsí éagsúla maoinithe, lena n-áirítear maoiniú ó thríú páirtithe/eintitis. Sa chás deiridh sin, níor cheart go mbeadh aon spleáchas ar aon fhoinsé mhaoinithe amháin a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a thosú nó neamhspleáchas an eintitis nó neamhchlaontacht ghníomhaíochtaí comharthaíochta an eintitis a cheistiú. Sa chás go nglacann tú le maoiniú ó fhoinsí seachtracha nó ó eintitis eile ní mór duit a mhíniú conas a chinntíonn tú nach bhfuil aon tionchar ag eintitis den sórt sin ar do ghníomhaíocht chomharthaíochta.

Ní mór duit sonraí iomlána a sholáthar maidir le haon chaidreamh tráchtála, airgeadais agus/nó institiúideach atá ag d'eagraíocht leis an stát, polaiteoirí nó páirtithe polaitíochta sa tír nó sna tíortha a chumhdaíonn tú. Má tá aon chaidreamh den sórt sin agat, ní mór duit a leagan amach conas a chinnteoidh tú neamhspleáchas do ghníomhaíochta comharthaíochta.

Tabharfaidh Coimisiún na Meán aird freisin ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil dó óna bhailitheoir faisnéise neamhspleách féin agus ó thaighde faoi mhaoinitheoirí tríú páirtí a sainiú agus an caidreamh idir an t-eintiteas agus na maoinitheoirí sin.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aquisín 1.



Cuid (4) Comharthóirí Iontaofa: Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta

Anseo ní mór duit a thaispeáint go bhfuil dóthain acmhainní daonna, teicniúla agus/nó airgeadais agat, nuair is cuí, chun ábhar a chur in iúl ar bhonn rialta. Ní mór do na TFanna gníomhaíochtaí a dhéanamh chun críocha fógraí a thíolacadh ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil

Próiseas Comharthaíochta: Modheolaíocht, Cruinneas agus Teicneolaíocht

4.1	Tabhair sonraí iomlána faoin modheolaíocht chun ábhar mídhleathach a aimsiú, a shainaithint (agus a mheas) agus a chur in iúl. Cuir isteach anseo sonraí iomlána faoi acmhainní daonna, nósanna imeachta (caighdeáin mheasúnaithe san áireamh), uirlisí agus córais a úsáideann tú nó a mbainfidh tú úsáid astu.	
4.2	Sonraigh líon agus cáilíocht na bhfoinsí fianaise a úsáidfeá sa ghníomhaíocht chomharthaíochta agus leasanna dílsithe féideartha na bhfoinsí (toisc go bhféadfadh tionchar a bheith acu sin ar chruinneas na fianaise a chuirtear ar fáil).	
4.3	Má tá seirbhísí comharthaíochta ábhair á soláthar agat cheana féin, tabhair meánlíon na gcomharthaí a chuireann d'eintiteas isteach ar bhonn laethúil/seachtainiúil. Cuir san áireamh líon na gcomharthaí ar dhiúltaigh an t-ardán dóibh agus má tá siad ar fáil, cúiseanna le haon diúltú a cuireadh ar fáil.	
4.4	Sonraigh le do thoil an beartas ceartúcháin a úsáidfidh tú, chun na botúin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hábhar mídhleathach a aimsiú agus a shainaithint a cheartú.	
4.5	An bhfuil sás ar líne agat chun go bhféadfaidh an pobal ábhar mídhleathach a thuairisciú do d'eintiteas?	Freagair TÁ nó NÍL anseo.
4.6	Sonraigh na critéir a chuirfidh tú i bhfeidhm chun ábhar mídhleathach a aimsítear agus a chuirtear in iúl don ardán a thriáiseáil .	
4.7	Tabhair sonraí faoi aon athbhreithniú a rinneadh maidir le gníomhaíocht chomharthaíochta (má bhaineann).	



4.8	Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a chinntiú go bhfuil an nós imeachta a sholáthraíonn tú slán, so-úsáidte, inrochtana agus go gcomhlíonann sé an dlí príobháideachta agus cosanta sonraí is infheidhme (i.e., measúnú tionchair ar chosaint sonraí etc.)
4.9	Mínigh do bheartais nó a chomhionann maidir le sláinte, sábháilteacht agus folláine na gcomharthóirí i d'eintiteas.

Treoir

Sa cuid seo iarraimid sonraí ar do mhodheolaíocht chomharthaíochta, conas a roghnaíonn tú ábhar agus ardáin le monatóireacht a dhéanamh orthu, conas a shainaithníonn agus a mheasann tú dlíthiúlacht an ábhair (lena n-áirítear foinsí fianaise príomhúla agus tánaisteacha) agus an chaoi a gcuireann ábhar mídhleathach in iúl d'ardán ar líne agus conas a dhéanann tú triáiseáil ar an ábhar chun tús áite a thabhairt dó agus é a chur in iúl. Ba chóir duit a mhíniú freisin conas a chinntíonn tú nach ndíríonn tú do mhonatóireacht go míchuí ar aon taobh amháin, go gcuireann tú caighdeáin chuí measúnaithe i bhfeidhm agus gach ceart agus leas dlísteanaigh á gcur san áireamh.

Cuirfidh an t-eolas a chuireann tú ar fáil ar chumas Coimisiún na Meán tuiscint a fháil ar conas a dhéanfaidh tú cinntí maidir le gníomhaíochtaí comharthaíochta agus conas a chinnteoidh tú go bhfuil gach gníomhaíocht dúthrachtach, cruinn agus go ndéantar ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil iad. Níor cheart go ndéanfadh na critéir a dhéanann tú iarratas chun ábhar mídhleathach a thriáiseáil idirdhealú míchuí ar chatagóirí áirithe úsáideoirí nó ar ábhar mídhleathach áirithe.

Ba cheart go n-oibreodh Comharthóirí lontaofa agus na hardáin le chéile freisin chun úsáid na teicneolaíochta a uasmhéadú agus chun gach modh atá ar fáil a úsáid chun folláine TFanna a chosaint ag aimsiú agus ag sainaitheint foirmeacha tromchúiseacha d'ábhar mídhleathach.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

Trédhearcacht, Tuairisciú agus Comhoibriú

4.10	Deimhnigh gur féidir leat an oibleagáid tuairiscithe bhliantúil a chomhlíonadh.	Freagair TÁ nó NÍL anseo.
4.11	Deimhnigh go gcuirfead na sonraí go léir faoi d'eintiteas (i.e., misean, foireann, foinsí maoinithe etc. ar fáil don phobal (ar do shuíomh gréasáin)).	Freagair TÁ nó NÍL anseo.



4.12	Sonraigh le do thoil do bheartas maidir le foilsiú faisnéise a bhaineann le do ghníomhaíocht chomharthaíochta (lena n-áirítear modheolaíocht, staitisticí braite, ceartúchán agus beartais ghearán etc.)	
------	--	--

Treoir

Caithfidh sonraí iomlána d'eintitis, a chuspóir, a réimsí saineolais, nósanna imeachta, foinsí maoinithe etc a bheith inrochtana go héasca agus go poiblí.

Leagtar amach an fhaisnéis nach mór duit a sholáthar go bliantúil i do thuarascáil in Airteagal 22.3, d'fhéadfadh Coimisiún na Meán ábhair bhreise a shonrú a dtabharfar tuairisc orthu. Sa chás go sonraíonn Coimisiún na Meán faisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtuarascáil bhliantúil cuirfidh sé fógra faoin gceanglas sin ar fáil.

D'fhéadfadh go mbeadh eolas breise ag teastáil fút ó Choimisiún na Meán agus/nó gníomhaí de bhun an eolais a chuirtear ar fáil sa tuarascáil.

Cuid (5) Dearbhú

Tríd an Dearbhú seo a shíniú, dearbhaím:

Tugadh údarás dom ó [ainm an eintitis] chun an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm iarratais seo a sholáthar.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis ar fad, lena n-áirítear ráitis fíricí a chuirtear ar fáil anseo agus in aon doiciméadú ag gabháil leis, fíor agus cruinn agus nár coinníodh aon fhaisnéis ábhartha siar.

Cuirfidh mé [ainm an eintitis] Coimisiún na Meán ar an eolas láithreach má bhíonn athrú ábhartha ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil.

Ainm agus Teideal:	Sínithe:	Dáta:



Cosaint Sonraí

Cloífidh Coimisiún na Meán lena oibleagáidí faoin mBille um Chosaint Sonraí, 2018 agus aon dlí agus rialachán infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.



Aguisín 1 - Fianaise Dhoiciméadach

1. Faisnéis Ghinearálta

Doiciméid dlí bhunaidh d'eintitis a thabhairt nó, más eintiteas poiblí thú, nasc chuig breac-chuntas na bhforálacha ábhartha den dlí lena mbunaítear d'eintiteas agus lena gcinntítear a chuspóirí.

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Deimhniú ar ionchorprú an eintitis*
- *Bunreacht an eintitis*
- *Sonraí oifig chláraithe na cuideachta*

2. Saineolas agus Inniúlacht - Ábhar mídhleathach a Aimsiú, a Shainaitheint agus a Chur in Iúl.

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Beartais / nósanna imeachta maidir le daoine aonair a cheapadh atá i mbun gníomhaíochta comharthaíochta.*
- *I gcás ina sainaitheintear daoine aonair, cur síos ar an raon taithí agus sainleas (cáilíochtaí, creidiúnú etc.)*
- *Aon taifead nó tuarascáil arna bhfoilsíú ag d'eintiteas nó ag eintiteas eile maidir le taithí roimhe seo ar **ábhar mídhleathach a aimsiú, a shainaitheint agus/nó a chur in iúl.***

3. Neamhspleáchas

Neamhspleáchas Eagraíochtúil

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Maidir leis na **comhaltaí, scairsealbhóirí agus stiúrthóirí** uile sonraigh aon suim nó rannpháirtíocht atá acu in eintitis eile.*
- *Rialacha Nóis Imeachta maidir le téarmaí oifige TFanna agus rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa do gach stiúrthóir, comhalta, fostaí agus TF.*
- *Cód Eitice nó Cód Prionsabal nó a chomhionann.*
- *Cóip den Scairchlár / Clár Tráchtála.*
- *Comhaontuithe na Scairsealbhóirí.*
- *Léiriú, i bhformáid léaráide, den struchtúr grúpa, i gcás grúpa cuideachtaí.*
- *Cóipeanna de bheartais nó de dhoiciméid eile chun a chinntiú go bhfuil **Comharthóirí Iontaofa** a cheapann tú neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar a bhfaighteoirí agus go ndéanfaidh siad cinntí go neamhchlaonta.*

Neamhspleáchas maoinithe agus airgeadais

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Tuarascálacha airgeadais agus cuntais iniúchta don bhliain airgeadais roimhe sin.*
- *I gcás eagraíochtaí nuachruthaithe, buiséid shealadacha bhliantúla agus pleananna maoinithe ar feadh 2 bhliain ag sainaitheint príomh-mhíreanna caiteachais agus foinsí ioncaim ionchasacha.*



- *Mionnscribhinn³ poist stiúrthóra nó poist choibhéisigh ag fforú na bhfoinsí maoinithe agus nach bhfuil aon choinníollach ceangailte le socruithe maoinithe a mbeadh tionchar acu ar neamhspleáchas na gcomhlachtaí nó ar neamhchlaontacht a gcinntí.*
- *Litreacha gealltanais airgeadais ó thríú páirtithe (nuair is infheidhme).*
- *Cóipeanna de chomhaontuithe scríofa idir an t-eintiteas agus na maoinitheoirí.*
- *Cóipeanna de bheartais an eintitis ar mhaoiniú.*

4. Comharthóirí Iontaofa: Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta

Samhail Chomharthaíochta Iontaofa: Modheolaíochtaí, Acmhainní agus Teicneolaíocht

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Má d'oibrigh d'eintiteas le hardáin cheana féin chun ábhar a chomharthú, **tuarascálacha nó litreacha molta ó ardáin** chun tacú le d'iarratas.*
- *Nósanna imeachta doiciméadaithe chun ábhar mídhleathach a aimsiú, a shainithint agus a chur in iúl.*
- *Cóipeanna de bheartais cheartúcháin agus ghearáin.*
- *Tuarascálacha nó cur síos ar ghníomhaíochtaí agus feachtais roimhe seo ina raibh an eagraíocht páirteach.*
- *Measúnú Tionchair ar chosaint Sonraí Samplach*

³ Ráiteas faoi mhionn.



Aguisín 2 - Cé atá incháilithe le bheith ina chomharthóir iontaofa?

Réamhathris 61 den RSA:

Níor cheart an stádas sin mar chomharthóir iontaofa a bhronnadh ach ar **eintitis**, agus ní ar dhaoine aonair, a léirigh, i measc nithe eile:

- *go bhfuil saineolas agus inniúlacht ar leith acu maidir le dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach*
- *go n-oibríonn siad ar bhealach dícheallach, cruinn agus oibiachtúil*
- *is féidir le heintitis phoiblí a bheith i gceist, i gcás ábhar sceimhlitheoireachta mar shampla, aonaid tarchuir idirlín in údaráis um fhorfheidhmiú an dlí náisiúnta nó i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (“Europol”) nó*
- *d’fhéadfaidís leo a bheith ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ina gcomhlachtaí príobháideacha nó leathphoiblí, cosúil leis na heagraíochtaí atá mar chuid de líonra INHOPE de bheolínthe chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thuairisciú agus eagraíochtaí atá tiomanta d’fhógra a thabhairt maidir le léirithe ciníocha agus seineafóbacha neamhdhleathacha ar líne.*
- *moltar do chomhlachais tionscail a dhéanann ionadaíocht ar leasanna a gcomhaltaí iarratas a dhéanamh ar stádas mar chomharthóirí iontaofa, gan dochar do cheart eintiteas príobháideach nó daoine aonair comhaontuithe déthaobhacha a dhéanamh le soláthraithe ardán ar líne.*

Gan a bheith uileghabhálach, féadfaidh TFanna ainmnithe a bheith mar aon cheann acu seo a leanas:

- **Cónaidhmí tionscail agus comhlachais trádála**, e.g. eagraíochtaí Úinéirí Maoine Intleachtúla;
- **ENRanna**, e.g., eagraíochtaí um chearta tomhaltóirí, eagraíochtaí um chosaint leanaí, eagraíochtaí um chearta an duine, eagraíochtaí comhshaoil, eagraíochtaí um chearta ainmhithe, etc.;
- **Comhaltaí de líonraí seanbhunaithe seiceálaithe fíricí** (e.g., IFCN);
- **Ceardchumainn**;
- **Eintitis phoiblí neamhrialála** amhail aonaid tarchuir Idirlín (Europol) nó **comhlachtaí rialála** (seachas DSCanna);
- **Comhlachtaí príobháideacha nó leathphoiblí** (e.g., eagraíochtaí atá mar chuid de líonra beolínthe INHOPE).
- **Líonraí**, ní chuirfeadh sainmhíniú ar eintiteas trí Airteagal 22 bac ar líonraí nó ar chomhghuaillíochtaí eintiteas, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa, ó iarratas a chur isteach.



Aguisín 3 – Liosta Réimsí d’Ábhar Mídhleathach

D’fhorbair foghrúpa de Chomhordaitheoirí na Seirbhísí Digiteacha an liosta réimsí d’ábhar mídhleathach seo i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach chun cuidiú le forbairt cur chuige comhchuibhithe maidir le cur chun feidhme DSA.

Is liosta táscach amháin seachas uileghabhálach é. Léirítear sa liosta réimsí féideartha d’ábhar mídhleathach ar fud na mBallstát a bhféadfadh réimsí saineolais a bheith iontu do chomhlachtaí iarrthacha.

- **Cionta ainmhithe**
 - Díobháil ar ainmhithe
 - Ainmhithe a dhíol agus/nó fiadhúlra a smuigleáil go mídhleathach
 - Eile
- **Cosaint sonraí agus sárúithe príobháideachais**
 - Sárú ar shonraí bithmhéadracha
 - Áit phróiseála sonraí in easnamh
 - Sárúithe ar an gceart go ligfí i ndearmad
 - Brionnú sonraí
 - Sárúithe ar shonraí pearsanta RGCS eile
 - Eile
- **Caint mhídhleathach⁴**
 - Clúmhillleadh
 - Idirdealú
 - Fuathchaint
 - Bagairtí foréigin (amhail bagairtí báis)
 - Séanadh Uileloiscthe
 - Eile
- **Maoin intleachtúil agus sárúithe ar chearta tráchtála eile**
 - Sárú cóipchirt
 - Sárú dearaidh
 - Sárúithe ar chearta imeachtaí spóirt
 - Sárúithe tásca geografacha
 - Sárú paitinne
 - Sárú rúin ceirde
 - Sárú trádmahairc
 - Táirgí bréige
 - Eile
- **Drochthionchair ar dhioscúrsa sibhialta nó toghcháin**
 - Ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis
 - Ionramháil faisnéise a bhfuil sé d’aidhm aici tionchar a imirt ar ionracas/toradh na dtoghchán
 - Eile
- **Iompar neamh-chomhthoiliúil**
 - Comhroinnt neamh-chomhthoiliúil d’íomhánna
 - Ábhar neamh-chomhthoiliúil ina bhfuil domhainbhrionnú nó teicneolaíocht chomhchosúil a bhaineann úsáid as gnéithe tríú páirtí
 - Docsáil (faisnéis inaitheanta phearsanta maidir le duine a sholáthar go poiblí)
 - Eile
- **Maistíneacht/imeaglú ar líne**

⁴ Lena n-áirítear gach cineál fuathchainte poiblí, beag beann ar mheán agus ar ábhar (i.e. íomhánna, físeáin, téacsanna, aithisc phoiblí, etc.).



- Stalcaireacht
- Gnéaschiapadh
- Eile
- **Pornagrafaíocht nó ábhar gnéasach**
 - Mí-úsáid gnéis íomhá-bhunaithe (lena n-áirítear ábhar ina léirítear mionaoisigh)
 - Éigniú agus foréigean eile bunaithe ar ghnéas (léiriú ar éigniú agus gríosú chun éignithe)
 - Eile
- **Cion ar mhionaoisigh**
 - Mainneachtain srianta aois-shonracha maidir le mionaoisigh a chur chun feidhme
 - Pornagrafaíocht leanaí/Ábhar maidir le mí-úsáid gnéis leanaí
 - Mealltóireacht/mealladh gnéasach mionaoiseach
 - Dúshláin mhí-shábháilte
 - Eile
- **Riosca don tslándáil phoiblí**
 - Cion atá contúirteach do shábháilteacht an phobail a spreagadh nó a ghríosú.
 - Eagraíochtaí mídhleathacha
 - Riosca go ndéanfar damáiste don comhshaol
 - Riosca don tsláinte phoiblí
 - Ábhar sceimhlitheoireachta
 - Eile
- **Camscéimeanna agus/nó calaais**
 - Bréagchuntais
 - Liostaí bréige
 - Athbhreithnithe úsáideora bréige
 - Pearsanú nó fuadach cuntais
 - Fioscaireacht
 - Scéimeanna pirimide
 - Eile
- **Gríosú chun féindochar**
 - Ábhar ina gcuirtear neamhoird iteacháin chun cinn
 - Gríosú chun féinchorraithe
 - Gríosú chun féinmharaithe
 - Eile
- **Raon feidhme mídhleathach rochtana ar an ardán/ábhar**
 - Mainneachtain srianta aois-shonracha a chur chun feidhme seachas iad siúd a bhaineann le mionaoisigh
 - Ceanglais thíreolaíochá mhídhleathacha
 - Mainneachtain ceanglais teangacha a chomhlíonadh
 - Srianta rochtana idirdhealaitheacha eile
 - Eile
- **Táirgí mí-shábháilte agus/nó mídhleathacha**
 - Easpa faisnéise ar thrádálaithe
 - Tairiscint mhídhleathach earraí agus seirbhísí rialaithe (eg. sláinte)
 - Díoladh táirgí neamhchomhlíonta (eg. bréagáin chontúirteacha)
 - Gáinneáil ar airm agus drugaí mídhleathacha
 - Cleachtais mhídhleathacha faoin dlí um chosaint tomhaltóirí
 - Bogearraí mailíseacha agus bogearraí éirice
 - Eile



- **Foréigean**
 - Díobháil chomhordaithe
 - Foréigean ar bhonn inscne
 - Dúshaothrú an duine
 - Gáinneáil ar dhaoine
 - Eile

